AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.9.2024
COM(2024) 392 final

2024/0216 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 agus 2024 deiseanna iascaireachta den sórt sin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle[1] socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Ina theannta sin, le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle[2] socraítear le haghaidh 2023 agus 2024 deiseanna iascaireachta den sórt sin le haghaidh stoic éisc dhomhainfharraige áirithe. Leasaítear leis an togra na deiseanna iascaireachta sin le haghaidh 2024 agus 2025 chun an chomhairle eolaíoch is déanaí agus forbairtí eile a chur san áireamh.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI).

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá leis an togra.

• Coimhdeacht

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

• Comhréireacht

Leis an togra, déantar deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[3]. De bhun Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, déanfaidh na Ballstáit cinneadh maidir leis an gcaoi a bhféadfar na

---

[1] Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

[2] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh a chionroinnt ar shoithí atá faoina mbratach i gcomhréir le critéir áirithe maidir le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta. Dá bhrí sin, agus na Ballstáit ag dáileadh na ngabhálacha iomlána incheadaithe (GIInna) cionroinnte, bíonn an corrlach lánroghnach is gá acu i gcomhréir leis an tsamhail shóisialta/eacnamaíoch lena saothrófar na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go leasaítear rialachán atá ann cheana leis an togra, rialachán is fearr a oireann mar ionstraim dhlíthiúil.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, trí na comhairlí comhairleacha go háirithe, ar bhonn na Teachtaireachta bliantúla uaidh ‘Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2024’ (COM(2023) 303).

I bhfreagraí na bpáirtithe leasmhara ar an teachtaireacht bhliantúil sin, leagtar amach na tuairimí a bhí acu maidir le meastóireacht an Choimisiúin ar staid na n-acmhainní agus maidir leis an bhfreagairt iomchuí bainistíochta. Chuir an Coimisiún na freagraí sin san áireamh agus an togra á cheapadh aige.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá comhairle eolaíoch ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM) bunaithe ar chreat a d’fhorbair a chuid grúpaí saineolaithe agus comhlachtaí cinnteoireachta, agus eisíodh í i gcomhréir lena chreatchomhaontú comhpháirtíochta leis an gCoimisiún.

- **Measúnú tionchair**

Le hAirteagal 43(3) CFAE cuirtear teorainn le raon feidhme an togra.

Leis an togra féachtar le cur chuige gearrthéarmach a sheachaint ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh ó na páirtithe leasmhara agus ó na comhairlí comhairleacha más rud é go ndearna CITM athbhreithniú dearfach orthu. Bhí an togra ón gCoimisiún maidir le CBI a athchóiriú bunaithe ar mheasúnú tionchair (SEC(2011) 891) inar measadh, cé gur choinníoll riachtanach é an cuspóir maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach chun inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, nach féidir na trí chuspóir sin a bhaint amach astu féin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra urramaítear cearta bunúsacha, agus go háirithe na cearta sin a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra, féachtar le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle a leasú mar a thuairiscítear thíos.

An t-ainseabhaí in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh

Le Rialachán (AE) 2024/257, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1856[4], leagadh síos GII sealadach le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM (uiscí Ibéaracha an Atlantaigh agus na huiscí timpeall ar na hAsóir) agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 (lastoir de Mhaidéara agus de na hOileáin Chanáracha) den Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CIATL) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024, ar GII é atá coibhéiseach le 4 997 dtona, go dtí go bhfoilseoidh CITM a chomhairle eolaíoch maidir le hainseabhaithe i roinn 9a CITM (uiscí Ibéaracha an Atlantaigh) le haghaidh na tréimhse sin, agus ceadaíodh leanúint den iascaireacht.

Tar éis fhoilsiú na comhairle sin[5] an 21 Meitheamh 2024, ba cheart GII cinntitheach le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 a shocrú. Cuireann CITM comhairle ar fáil maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe le haghaidh dhá líon éagsúla ainseabhaithe atá i roinn 9a CITM: (i) laistiar de líne a théann siar ó dheas ó Sagres na Portaingéile; agus (ii) laisteas den líne sin. Tá sé beartaithe GII le haghaidh ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL a shocrú ar leibhéal shuim na bpíosaí comhairle sin. Ina theannta sin, tá sé beartaithe coinníoll speisialta a bhunú agus faoin gcoinníoll sin, ní fhéadfaidh gabhálacha sa chuid theas de limistéar GII (i.e. an chuid de limistéar an GII atá laisteas den líne a théann siar ó dheas ó Sagres na Portaingéile) 969 dtona a shárú, i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM maidir leis an bpobal atá sa limistéar sin. Thairis sin, tá sé beartaithe go mbeidh feidhm chúlghabhálach ag an GII sin agus ag an gcoinníoll speisialta sin ón 1 Iúil 2024.

Mar sin féin, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh sé go ndearnadh gabhálacha cheana faoi GII sealadach, tá sé beartaithe freisin go bhféadfaidh na Ballstáit gabhálacha ainseabhaithe sa chuid theas de limistéar GII a thuairisciú le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 sa bhreis ar an gcoinníoll speisialta maidir le 969 dtona, ar choinníoll:

– gur úsáideadh na 969 dtona ina n-iomláine; agus

– nach sáraíonn na gabhálacha sin leibhéal sealadach GII (4 997 dtona) lúide na 969 dtona (4 028 dtona), mar a chionroinneadh ar na Ballstáit é i gcomhréir le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.

---

[4] Rialachán (AE) 2024/1856 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 deiseanna iascaireachta den sórt sin (IO L, 2024/1856, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1856/oj).

[5] https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019153.v1

Chun an tsolúbthacht a sheachaint lena gceadófaí do na Ballstáit gabhálacha a thuairisciú a sháraíonn leibhéal na comhairle eolaíche a thuilleadh, tá sé beartaithe freisin toirmeasc a chur ar mhalartuithe cuótaí idir na Ballstáit maidir leis na cainníochtaí breise sin.

An mangach sa Mhuir Chantabrach agus in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh

Le Rialachán (AE) 2024/257 socraítear GIInna le haghaidh mangach (*Pollachius pollachius*) i roinn 8c CITM (an Mhuir Chantabrach) agus le haghaidh mangach i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL (uiscí Ibéaracha an Atlantaigh) le haghaidh 2024 agus 2025 i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM[6] le haghaidh mangach i bhfolimistéar 8 agus i roinn 9a CITM le haghaidh 2024 agus 2025[7].

I dteannta an ráitis ón Spáinn go ndúnfaí an t-iascach measctha sa Mhuir Chantabrach agus in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh roimh am mar thoradh ar na GIInna sin a leag an Chomhairle síos, mar aon leis na sonraí a chuir an Spáinn isteach ina dhiaidh sin an 7 Meitheamh, an 10 Meitheamh agus an 5 Iúil 2024 agus na sonraí a chuir an Phortaingéil isteach an 21 Meitheamh 2024, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) measúnú a dhéanamh ar an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann leis na GIInna sin a choinneáil ar bun le haghaidh 2024 ar an leibhéal a mhol CITM ina chomhairle eolaíoch. D'iarr an Coimisiún ar CETEI freisin a thaispeáint cén leibhéal a bheadh ag na GIInna sin is gá chun feiniméan an 'tachtspeicis' a sheachaint [8]in iascaireacht spriocdhírithe ar cholmóirí agus ar shóil faoi seach sa Mhuir Chantabrach agus in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh. Chuir an Coimisiún tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh ar fáil do CETEI ina raibh measúnú ar an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann leis na GIInna sin le haghaidh 2024 a shocrú ar an leibhéal a mhol CITM, i gcomparáid leis na GIInna sin a shocrú ar leibhéil eile, chomh maith le doiciméid eile a chuir an Spáinn isteach an 7 Meitheamh, an 10 Meitheamh agus an 5 Iúil 2024, agus a chuir an Phortaingéil isteach an 21 Meitheamh 2024[9].

An 29 Iúil 2024 d'fhoilsigh CETEI a mheasúnú[10] ar an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann leis na GIInna sin a shocrú le haghaidh 2024 ar an leibhéal a mhol CITM ina chomhairle eolaíoch.

Ina chomhairle, thug CETEI dá aire, *inter alia*, an méid seo a leanas.

Mangaigh sa Mhuir Chantabrach (roinn 8c CITM) agus in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh araon (folimistéir 9 agus 10 CITM agus roinn 34.1.1 CIATL)

Ar an gcéad dul síos, tháinig CETEI ar an gconclúid go bhfuil *'an staidéar agus na sonraí a cuireadh ar fáil* [an tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh agus na sonraí arna gcur ar fáil ag an Spáinn agus ag an bPortaingéil] *comhsheasmhach go foriomlán maidir le staid tachta iascaigh agus éifeachtaí socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh*

6 https://doi.org/10.17895/ices.advice.21841014.v1

7 Agus cionroinnt reatha na ndeiseanna iascaireachta idir na trí GII a chumhdaítear leis an gcomhairle sin á cur san áireamh: (i) GII le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e CITM (80 %); GII le haghaidh mangach i roinn 8c CITM (9 %); agus (iii) GII le haghaidh mangach i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL (11 %).

8 Mar a mhínítear in aithris 8 de Rialachán (AE) 2024/257, is speiceas é an 'tachtspeiceas' a bhfuil easpa cuóta air a d'fhéadfadh stop a chur le hiascaireacht soithigh iascaireachta amháin nó níos mó fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile.

9 https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf-plen-24-02-background

10 https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf-plen-24-02

chabhlaigh na Spáinne a shainaithint, dá gcuirfí an laghdú 53 % ar GII i bhfeidhm ar GII nó GIInna le haghaidh mangach sa dá limistéar (sa Mhuir Chantabrach agus in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh), ag glacadh leis go gcuirfear chun feidhme go hiomlán an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus go ndúnfar an t-iascach tar éis ídiú GII nó GIInna.'

Ar an dara dul síos, tugann CETEI dá aire *'nach ann do shamhail bhitheacnamaíoch iascaigh mheasctha a n-áirítear an stoc mangach ann'.* Mar sin féin, rinne CETEI '*anailís ar chomhdhéanamh na speiceas le haghaidh phríomh-iascaigh na Spáinne a ghabhann mangaigh i ranna 8c agus 9a bunaithe ar an Tuarascáil Achoimre ó CITM maidir le hIascach'* agus thángthas ar *'trí iascach a mbíonn idirghníomhaíocht theicniúil acu le mangach* ... [eangacha geolbhaigh socraithe, traimlí agus spiléir shocraithe] *i ranna 8c agus 9a, ar iascaigh mheasctha iad uile. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na hidirghníomhaíochtaí teicniúla sin ar thabhairt i dtír colmóirí agus sól coiteann ar spriocspeicis iad laistigh den iascach sin a d'fhéadfaí a thachtadh mar gheall ar GII níos ísle le haghaidh mangaigh'.*

Mangaigh sa Mhuir Chantabrach (roinn 8c CITM)

Tagraíonn CETEI do thorthaí na tuarascála *ad hoc* ar an gconradh maidir le mangaigh sa Mhuir Chantabrach agus tugann sé an méid seo a leanas dá aire: *'I gcás cabhlaigh na Spáinne, d'fhéadfadh an tachtadh iascaigh, a ionsamhlaítear i gcásanna ina n-úsáidtear an leibhéal imlonnaithe iarrachta íosta, a bheith suntasach. Tá gníomhaíocht chabhlaigh na Spáinne níos déine le blianta beaga anuas, sa chéad ráithe agus sa ráithe dheireanach de na blianta sin. Ionsamhlaítear go dtarlóidh tachtadh iascaigh in R4 (GII=108 agus 78), R3 (GII=108 agus 78) nó in R2 go fiú (GII=78) agus an inghabhálacht níos airde a breathnaíodh in 2022 á húsáid, agus ag glacadh leis nach mbeidh babhtálacha ann ón Spáinn go dtí an Fhrainc.'* Ina theannta sin, tugann CETEI an méid seo a leanas dá aire: *'Is idir 150 tona (babhtálacha agus meán-inghabhálacht) agus 169 dtona (gan bhabhtálacha agus inghabhálacht 2022) atá sa GII íosta bliantúil i roinn 8c (an Mhuir Chantabrach) a éilítear chun an iarracht iomlán a ionsamhlaítear sna cásanna a imscaradh agus úsáid á baint as an rogha imlonnaithe iarrachta íosta (...).'*

I dteannta mheasúnú CETEI, tugann an Coimisiún dá aire go meastar sa tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh, arna hathbhreithniú ag CETEI, go dtagann laghdú EUR 12 mhilliún (-36 %) ar ioncam iomlán chabhlaigh na Spáinne lena mbaineann i gcomparáid leis an meánioncam sa tréimhse ó 2020 go 2022 (ag glacadh leis an inghabhálacht in 2022) mar thoradh ar GII le haghaidh mangach sa Mhuir Chantabrach ar an leibhéal a mhol CITM. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go léirítear sa tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh gur ghá GII le haghaidh mangach sa Mhuir Chantabrach a shocrú ar leibhéal 166 thona chun iascaigh a choinneáil ag an iarracht atá ann faoi láthair go dtí deireadh 2024, agus go dtiocfadh laghdú beag 1,5 % ar an ioncam iomlán mar thoradh ar an leibhéal sin. Faoi dheireadh, tugann an Coimisiún dá aire go ndéanfadh aon laghdú ar an GII sin difear díréireach don Spáinn toisc go mbraitheann sí faoi láthair ar mhalartuithe cuótaí agus ar sholúbthacht ó bhliain go bliain. Bheadh úsáid na solúbthachtaí sin níos deacra faoi GII laghdaithe agus faoi chuótaí laghdaithe na mBallstát.

Ar bhonn thoradh mheasúnú CETEI, na n-eilimintí breise a bhfuil achoimre orthu sa mhír roimhe seo agus a dheacra atá sé iascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile ag an uastáirgeacht inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe i gcásanna ina ndúnfaí iascach amháin nó níos mó roimh am mar thoradh air sin, tá sé beartaithe, de bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE)

2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] (‘plean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair’), an méid seo a leanas a dhéanamh:

– GII le haghaidh mangach i roinn 8c CITM le haghaidh 2024 a mhéadú ó 78 dtona go 108 dtona. De réir na comhairle ó CITM, comhfhreagraíonn an leibhéal sin do ghabhálacha an stoic sin arna dtabhairt i dtír in 2022, i.e. an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. Trí GII a shocrú ag 108 dtona, áiritheofar nach dtiocfaidh méadú ar an mbrú iascaireachta atá ar mhangaigh faoi láthair i roinn 8c CITM. Ba cheart go rannchuideodh sé sin le hathbhunú bhithmhais an stoic sin, rud a mheastar a bheith faoi bhun spreag-luach an innéacs bithmhaise ($I_{trigger}$) faoi láthair, ar bhonn na comhairle eolaíche ó CITM. Ina theannta sin, trí GII a shocrú ar leibhéal 108 dtona, beifear in ann iascaireacht a dhéanamh ar GIInna le haghaidh colmóirí agus sól. Thairis sin, cé go laghdóidh an leibhéal sin ioncam iomlán na gcabhlach, go háirithe ioncam iomlán chabhlaigh na Spáinne, de réir na tuarascála *ad hoc* ar an gconradh, beidh iascairí in ann leanúint den iascaireacht go dtí an 18 Meán Fómhair 2024; agus

– an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i roinn 8c CITM le haghaidh 2024 a mhéadú ó 30 cm go 42 cm. De réir thagarmharc 2023 CITM le haghaidh an stoic sin agus na tuarascála ábhartha ó mheitheal CITM[12], comhfhreagraíonn 42 cm don fhad ar an aibíocht le haghaidh an stoic sin. Dá réir sin, áiritheofar leis an mbeart sin go gcosnófar éisc neamhaibí ar bhonn níos leithne agus go rannchuideofar, ar an gcaoi sin, le hathbhunú bhithmhais an stoic sin, rud a mheastar a bheith faoi bhun $I_{trigger}$ faoi láthair, ar bhonn na comhairle eolaíche ó CITM. Thairis sin, gan an beart sin, níor mhór leibhéal GII le haghaidh mangach i roinn 8c CITM le haghaidh 2024 a laghdú a thuilleadh ionas go bhféadfadh mangaigh i bhfolimistéar 8 agus roinn 9a CITM athbhunú. Níor cheart feidhm a bheith ag an mbeart sin ach go dtí go nglacfar gníomh tarmligthe a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair lena leasaítear Iarscríbhinn VII, Cuid A, a ghabhann leis an Rialachán sin trí bhíthin beart teicniúil comhfhreagrach a leasú.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 5(3) de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, tá sé beartaithe toirmeasc a chur ar an spriocdhíriú ar mhangaigh i roinn 8c CITM.

Mangaigh in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh (folimistéir 9 agus 10 CITM agus roinn 34.1.1 CIATL)

Tagraíonn CETEI do thorthaí na tuarascála *ad hoc* ar an gconradh maidir le mangaigh in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh agus tugann sé an méid seo a leanas dá aire: *‘Bhí gníomhaíocht chabhlaigh na Spáinne níos déine le blianta beaga anuas, sa chéad ráithe agus sa ráithe dheireanach de na blianta sin. Ionsamhlaítear go dtarlóidh tachtadh iascaigh in R4 (GII=132 agus 96 thona) nó in R3 (GII=96 thona) ag glacadh leis go gcuirfear aon cheann de na solúbthachtaí atá ar fáil i bhfeidhm’.* Ina theannta sin, tugann CETEI an méid seo a leanas dá

[11] Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d’iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

[12] https://doi.org/10.17895/ices.pub.23372990.v1
https://doi.org/10.17895/ices.pub.23541168.v1

aire: *'Is idir 129 dtona (babhtálacha, solúbthachtaí agus meán-inghabhálacht) agus 142 thona (gan bhabhtálacha agus inghabhálacht 2022) atá sa GII íosta bliantúil in 9-10 CIATL 34.1.1 (uiscí Ibéaracha an Atlantaigh) a éilítear chun an iarracht iomlán a ionsamhlaítear sna cásanna a imscaradh agus úsáid á baint as an rogha imlonnaithe iarrachta íosta (...).'*

I dteannta mheasúnú CETEI, tugann an Coimisiún dá aire go meastar sa tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh, arna hathbhreithniú ag CETEI, go dtagann laghdú EUR 3,9 milliún (-34 %) ar ioncam iomlán chabhlaigh na Spáinne lena mbaineann i gcomparáid leis an meánioncam sa tréimhse ó 2020 go 2022 (ag glacadh leis an inghabhálacht in 2022) mar thoradh ar GII le haghaidh mangach in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh ar an leibhéal a mhol CITM. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go léirítear sa tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh gur ghá GII le haghaidh mangach in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh a shocrú ar leibhéal 141 thona chun iascaigh a choinneáil ar bun ag an iarracht atá ann faoi láthair go dtí deireadh 2024, agus go dtiocfadh laghdú beag 2,4 % ar an ioncam iomlán mar thoradh ar an leibhéal sin. Faoi dheireadh, tugann an Coimisiún dá aire go ndéanfadh aon laghdú ar an GII sin difear díréireach don Spáinn toisc go mbraitheann sí faoi láthair ar sholúbthacht ó bhliain go bliain. Bheadh úsáid na solúbthachta sin níos deacra faoi GII laghdaithe agus faoi chuótaí laghdaithe na mBallstát.

Ar bhonn thoradh mheasúnú CETEI, na n-eilimintí breise a bhfuil achoimre orthu sa mhír roimhe seo agus a dheacra atá sé iascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile ag an uastáirgeacht inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe i gcásanna ina ndúnfaí iascach amháin nó níos mó roimh am mar thoradh air sin, tá sé beartaithe, de bhun Airteagal 5(3) de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– GII le haghaidh mangach i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL le haghaidh 2024 a mhéadú ó 96 dtona go 132 thona. De réir na comhairle ó CITM, comhfhreagraíonn an leibhéal sin do ghabhálacha an stoic sin arna dtabhairt i dtír in 2022, i.e. an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. Trí GII a shocrú ag 132 thona, áiritheofar nach dtiocfaidh méadú ar an mbrú iascaireachta atá ar mhangaigh faoi láthair i bhfolimistéar 8 agus i roinn 9a CITM. Ba cheart go rannchuideodh sé sin le hathbhunú bhithmhais an stoic sin, rud a mheastar a bheith faoi bhun $I_{trigger}$ faoi láthair, ar bhonn na comhairle eolaíche ó CITM. Ina theannta sin, trí GII cinntitheach a shocrú ar leibhéal 132 thona, beifear in ann iascaireacht a dhéanamh ar GIInna le haghaidh colmóirí agus sól. Thairis sin, cé go laghdóidh an leibhéal sin ioncam iomlán na gcabhlach, go háirithe ioncam iomlán chabhlaigh na Spáinne, de réir na tuarascála *ad hoc* ar an gconradh, beidh iascairí in ann leanúint den iascaireacht go dtí an 8 Nollaig 2024; agus

– an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL le haghaidh 2024 a mhéadú ó 30 cm go 42 cm, agus é sin a dhéanamh ar na cúiseanna céanna agus faoi na coinníollacha céanna le haghaidh mangach i roinn 8c.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 5(3) de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, tá sé beartaithe toirmeasc a chur ar an spriocdhíriú ar mhangaigh i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL.

Asbhaintí breise i leith díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír

Agus cur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír á chur san áireamh, cuirtear ábhar muirí aischurtha san áireamh i gcuótaí an Aontais a leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/257 ar bhonn díolúintí seanbhunaithe; ní gá na cainníochtaí sin a thabhairt i dtír ná a ríomh in aghaidh na gcuótaí, agus, dá bhrí sin, asbhainfear iad as cuótaí an Aontais. Rinne ranna an Choimisiúin na hasbhaintí sin le haghaidh 2024 a ríomh i mí na Samhna 2023, agus leagadh amach leis sin an cur chuige a úsáideadh le haghaidh na ríomhanna sin agus na n-asbhaintí i ndoiciméad tacaíochta[13].

Mar gheall ar earráid, níor dhearna ranna an Choimisiúin na hasbhaintí sin le haghaidh stoic áirithe le haghaidh 2024 a ríomh i mí na Samhna 2023. Tá na hasbhaintí breise sin ríofa anois ag ranna an Choimisiúin i gcomhréir leis an gcur chuige a leanadh cheana féin maidir le gach stoc ábhartha eile le haghaidh 2024. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe cuótaí an Aontais agus cuótaí na mBallstát maidir leis na stoic sin le haghaidh 2024 a leasú, i gcás inarb ábhartha, chun na hasbhaintí is gá i leith díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh.

CICTA

An 13 Márta 2024 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/897[14] lena gcuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe áirithe i limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (CICTA).

Le Rialachán (AE) 2024/897, leasaítear Airteagal 9(4) agus Airteagal 12, pointí (f) agus (g), de Rialachán (AE) 2017/2107[15] trí fhorálacha nua a chur isteach sa rialachán deireanach sin. Maidir leis na forálacha nua sin: (i) ceanglaíonn siad ar na Ballstáit a áirithiú nach mó ná 300 feiste comhthiomsaithe éisc in aghaidh an tsoithigh ag a bhfuil baoithe oibríochtúla atá gníomhach an tráth céanna; agus (ii) ceanglaíonn siad ar na Ballstáit *inter alia* sonraí stairiúla a tharchur maidir le trealamh iascaireachta atá leagtha síos timpeall feistí comhthiomsaithe éisc ag soithí peas-saighne atá faoina a mbratach. Chun forálacha forluiteacha maidir leis an ábhar céanna a sheachaint, is iomchuí, dá bhrí sin, Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/257 a leasú.

Deargáin in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh

Le Rialachán (AE) 2023/194, socraítear GII le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéar 9 CITM (uiscí Ibéaracha an Atlantaigh) le haghaidh 2024 ar leibhéal 114 thona.

---

13 https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/document/download/fb2e7f71-b504-4c18-8921-9df35e72fe8b_en?filename=Atlantic-FOs-2024-regulation-Supporting%20document-Deductions.pdf

14 Rialachán (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2024/897, 19.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/897/oj).

15 Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

An 16 Lúnasa 2024 d'fhoilsigh CITM a chomhairle[16] maidir le deargáin i bhfolimistéar 9 CITM le haghaidh 2025 agus 2026. Le haghaidh 2025 agus 2026, chuir CITM comhairle ar fáil den chéad uair maidir le dhá phobal éagsúla deargán sa limistéar sin. Míníonn CITM go ndearna sé amhlaidh toisc, ar an gcéad dul síos, go bhfuil dhá phobal deargán i bhfolimistéar 9 CITM: (i) deargáin arna gcionroinnt i bhfolimistéar 9 CITM cé is moite den chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar (i.e. cósta na Gailíse agus na Portaingéile); agus (ii) deargáin arna gcionroinnt sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar agus sa Mheánmhuir Thiar. Ar an dara dul síos, míníonn CITM go gcumhdaítear leis an gcomhairle ó Choiste Comhairleach Eolaíoch maidir le hIascaigh (CCE) de chuid an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) le haghaidh deargán i bhfolimistéir gheografacha 1 agus 3 CGIM (iarthar na Meánmhara) an pobal deargán arna chionroinnt sa Mheánmhuir Thiar agus sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar. Ina theannta sin, de réir na dréachtchomhairle is déanaí ó CCE maidir leis an stoc sin le haghaidh 2025[17]: (i) tá an bhithmhais faoi bhun B_{lim}[18] ó bhí 2011 ann; (ii) in 2024, 30 % de B_{lim} atá i mbithmhais an stoic; (iii) beidh an bhithmhais faoi bhun B_{lim} fiú gan aon iascaireacht a dhéanamh in 2025; agus (iv) 204 % d'ionadaí F_{MSY}[19] atá sa bhásmhaireacht iascaireachta faoi láthair. Thairis sin, mhol CITM *'gur cheart gabhálacha a íoslaghdú'* le haghaidh deargán sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar le haghaidh 2025 agus 2026. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh iascaireacht a dhéanamh ar dheargáin sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar sa chuid eile de 2024, faoi GII le haghaidh deargán i bhfolimistéar 9 CITM le haghaidh 2024, a bheith ina bhagairt thromchúiseach ar an stoc sin. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an mbagairt thromchúiseach sin go práinneach.

Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagail 4(7) agus 8(2) de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, tá sé beartaithe an iascaireacht ar dheargán sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar a chur ar fionraí a luaithe is féidir, tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo (i.e. ón 1 Deireadh Fómhair 2024).

16 https://doi.org/10.17895/ices.advice.26728699.v1

17 Dréachtchomhairle a leagtar amach sa tuarascáil ón *'Seisiún tagarmharcanna le haghaidh deargán i bhfolimistéir gheografacha 1 agus 3 – An Mheitheal um Measúnú ar Stoc na Speiceas Grinnill'*: https://www.fao.org/gfcm/technical-meetings/detail/en/c/1696537/

18 Is éard atá in 'B_{lim}' an pointe tagartha maidir le bithmhais stoic sceite, pointe tagartha ar faoina bhun a bhféadfadh acmhainneacht síolraithe laghdaithe a bheith ann.

19 Is éard atá in F_{MSY} an bhásmhaireacht iascaireachta mheasta a thugann, le patrún iascaireachta ar leith agus faoi mheándálaí comhshaoil atá ann faoi láthair, an uastáirgeacht inbhuanaithe fhadtéarmach.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 agus 2024 deiseanna iascaireachta den sórt sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle[20] socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin a leasú chun foilsiú comhairle eolaíche a chur san áireamh.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/257, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1856[21], leagadh síos gabháil iomlán incheadaithe (GII) sealadach le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 den Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CIATL) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ar leibhéal 4 997 dtona, go dtí go bhfoilseoidh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM) a comhairle eolaíoch maidir le hainseabhaithe i roinn 9a CITM le haghaidh na tréimhse sin, agus ceadaíodh leanúint den iascaireacht. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin an 21 Meitheamh 2024, ba cheart GII cinntitheach le haghaidh ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 a shocrú ar an leibhéal a mhol CITM le haghaidh na bpobal iartharach agus deisceartach atá sa limistéar sin. Ina theannta sin, ba cheart coinníoll speisialta a bhunú agus faoin gcoinníoll sin, ní

[20] Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

[21] Rialachán (AE) 2024/1856 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 deiseanna iascaireachta den sórt sin (IO L, 2024/1856, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1856/oj).

fhéadfaidh gabhálacha sa chuid theas de limistéar GII 969 dtona a shárú, i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM maidir leis an bpobal atá sa limistéar sin. Mar sin féin, chun a chur san áireamh go bhféadfadh sé gur tharla gabhálacha cheana faoi GII sealadach, ba cheart gabhálacha ainseabhaithe sa chuid theas den limistéar GII a cheadú le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 sa bhreis ar an gcoinníoll speisialta maidir le 969 dtona, ar choinníoll go gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe.

(3) An 29 Iúil 2024 d'fhoilsigh an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) a chomhairle maidir leis an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann le GIInna le haghaidh mangach (*Pollachius pollachius*) a choinneáil ar bun i roinn 8c CITM agus i bhfolimistéir 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 de Choiste Iascaigh an Atlantaigh Thoir Láir (CIATL) le haghaidh 2024 ar an leibhéal a mhol CITM[22]. Léiríonn CETEI leibhéal na GIInna sin is gá chun feiniméan an 'tachtspeicis' a sheachaint[23]. Dá bhrí sin, ba cheart GIInna le haghaidh 2024 a leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/257 a mhéadú. De bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] ('plean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair'), ba cheart na GIInna sin a shocrú ar leibhéal 108 dtona i ranna 8c CITM agus 132 thona i bhfolimistéir 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL, rud a d'fhágfadh, de réir na comhairle sin, go mbeadh na cabhlaigh in ann leanúint de bheith ag feidhmiú go dtí an 18 Meán Fómhair 2024 agus an 8 Nollaig 2024 faoi seach agus, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a laghdú: (i) feiniméan an 'tachtspeicis' agus dúnadh roimh am na n-iascach ábhartha; agus (ii) na tionchair shocheacnamaíocha ghaolmhara ar earnáil an iascaigh.

(4) I gcás stoic bhreise áirithe, ba cheart cuótaí an Aontais agus cuótaí na mBallstát araon le haghaidh 2024 a leasú chun na hasbhaintí is gá i leith díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh.

(5) An 13 Márta 2024 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/897[25] lena gcuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe áirithe i limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (CICTA). Le Rialachán (AE) 2024/897, leasaítear Airteagal 9(4) agus Airteagal 12, pointí (f) agus (g), de Rialachán (AE) 2017/2107[26] trí

---

22 https://doi.org/10.17895/ices.advice.21841014.v1

23 Is speiceas é an 'tachtspeiceas' a bhfuil easpa cuóta air agus a d'fhéadfadh stop a chur le hiascaireacht soithigh iascaireachta amháin nó níos mó fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile.

24 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

25 Rialachán (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2024/897, 19.3.2024 , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/897/oj).

26 Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

fhorálacha nua a chur isteach sa rialachán deireanach sin. Chun forálacha forluiteacha maidir leis an ábhar céanna a sheachaint, ba cheart Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/257 a leasú dá réir.

(6) Le Rialachán (AE) 2023/194, socraítear GII le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéar 9 CITM le haghaidh 2024 ar leibhéal 114 thona. An 16 Lúnasa 2024 d'fhoilsigh CITM a chomhairle maidir leis an stoc sin le haghaidh 2025 agus 2026. Le haghaidh 2025 agus 2026, chuir CITM comhairle ar fáil den chéad uair maidir le dhá phobal éagsúla deargán sa limistéar sin. Míníonn CITM go ndearna sé amhlaidh toisc, ar an gcéad dul síos, go bhfuil dhá phobal deargán i bhfolimistéar 9 CITM: (i) deargáin arna gcionroinnt i bhfolimistéar 9 CITM cé is moite den chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar (i.e. cósta na Gailíse agus na Portaingéile); agus (ii) deargáin arna gcionroinnt sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar agus sa Mheánmhuir Thiar. Ar an dara dul síos, míníonn CITM go gcumhdaítear leis an gcomhairle ó Choiste Comhairleach Eolaíoch maidir le hIascaigh (CCE) de chuid an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) le haghaidh deargán i bhfolimistéir gheografacha 1 agus 3 CGIM (iarthar na Meánmhara) an pobal deargán arna chionroinnt sa Mheánmhuir Thiar agus sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar. Ina theannta sin, de réir na dréachtchomhairle is déanaí ó CCE maidir leis an stoc sin le haghaidh 2025: (i) tá an bhithmhais faoi bhun B_{lim}[27] ó bhí 2011 ann; (ii) in 2024, 30 % de B_{lim} atá i mbithmhais an stoic; (iii) beidh an bhithmhais faoi bhun B_{lim} fiú gan aon iascaireacht a dhéanamh in 2025; agus (iv) 204 % d'ionadaí F_{MSY}[28] atá sa bhásmhaireacht iascaireachta faoi láthair. Thairis sin, mhol CITM *'gur cheart gabhálacha a íoslaghdú'* le haghaidh deargán sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar le haghaidh 2025 agus 2026. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh iascaireacht a dhéanamh ar dheargáin sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar sa chuid eile de 2024, faoi GII le haghaidh deargán i bhfolimistéar 9 CITM le haghaidh 2024, a bheith ina bhagairt thromchúiseach ar an stoc sin. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an mbagairt thromchúiseach sin go práinneach. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagail 4(7) agus 8(2) de Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, ba cheart an iascaireacht ar dheargáin sa chuid Atlantach de Chaolas Ghiobráltar a chur ar fionraí.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2024/257 agus (AE) 2023/194 a leasú dá réir sin.

(8) Forálacha an Rialacháin seo lena leasaítear forálacha Rialachán (AE) 2024/257 maidir leis an méid seo a leanas: (i) mangaigh i roinn 8c CITM agus i bhfolimistéir 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL, cé is moite den toirmeasc ar an iascaireacht spriocdhírithe; agus (ii) ba cheart feidhm a bheith ag CICTA ón 1 Eanáir 2024, i gcomhréir le tréimhse chur i bhfeidhm na bhforálacha leasaithe. Ba cheart feidhm a bheith ag GII le haghaidh ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL ón 1 Iúil 2024, arís eile i gcomhréir le tréimhse chur i bhfeidhm na forála leasaithe. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, ós rud é go gcoinnítear leibhéal na ndeiseanna iascaireachta ar bun nó go gcuirtear leo.

---

27 Is éard atá in 'B_{lim}' an pointe tagartha maidir le bithmhais stoic sceite, pointe tagartha ar faoina bhun a bhféadfadh acmhainneacht síolraithe laghdaithe a bheith ann.

28 Is éard atá in F_{MSY} an bhásmhaireacht iascaireachta mheasta a thugann, le patrún iascaireachta ar leith agus faoi mheándálaí comhshaoil atá ann faoi láthair, an uastáirgeacht inbhuanaithe fhadtéarmach.

(9) I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe *in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/257

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12a:

'Airteagal 12a
Bearta maidir le mangaigh i ranna 8a go 8e CITM, i bhfolimistéir 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL

Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 42 cm maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gabhálacha mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e CITM; agus

(b) gabhálacha mangach i roinn 8c CITM, i bhfolimistéir 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL.'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

'Airteagal 28
Feistí comhthiomsaithe éisc le haghaidh tuinníní trópaiceacha

1. Toirmeascfar feistí comhthiomsaithe éisc a úsáid i limistéar Choinbhinsiún CICTA ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 12 Márta 2024.

2. Ón 17 Nollaig 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfidh a soithí iascaireachta feistí comhthiomsaithe éisc.'

(3) In Airteagal 59, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (aa):

'(aa) Beidh feidhm ag Airteagal 12a, pointe (a), ón 1 Iúil 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Iarscríbhinn VII, Cuid A, a ghabhann leis an Rialachán sin maidir leis an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e CITM, cibé acu is luaithe.'

(4) In Airteagal 59, cuirtear an pointe (ab) seo a leanas isteach:

'(ab) Beidh feidhm ag Airteagal 12a, pointe (b), ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Iarscríbhinn VII, Cuid A, a ghabhann leis an Rialachán sin maidir leis an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i bhfolimistéir 9 agus 10 CITM agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CIATL, cibé acu is luaithe.'

(5) In Airteagal 59, cuirtear an pointe (ia) seo a leanas isteach:

‘(ia) In Iarscríbhinn IA, Cuid A, Táblaí 18 agus 19, beidh feidhm ag fonóta 1 ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024;’

(6) Leasaítear Iarscríbhinn IA, Cuid A i gcomhréir le Cuid I d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(7) Leasaítear Iarscríbhinn IA, Cuid B i gcomhréir le Cuid II d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/194

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 mar a leanas:

(1) In Airteagal 59, cuirtear isteach na pointí (ha) agus (hb) seo a leanas:

‘(ha) In Iarscríbhinn IA, Cuid E, tábla le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 9 CITM, beidh feidhm ag fonóta 1 ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024;

(hb) In Iarscríbhinn IA, Cuid E, tábla le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 9 CITM, beidh feidhm ag fonóta 2 ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024;’

(2) Leasaítear Iarscríbhinn IA, Cuid E i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán